



Sainchuntas Poist Ionadaí Ranga Cumann na dTuismitheoirí



Is é an príomhról atá ag an ionadaí ranga ná cumarsáid mhaith a dhéanamh idir Coiste na dTuismitheoirí agus na tuismitheoirí/caomhnóirí.

Má tá imní ar thuismitheoirí faoina bpáiste nó faoi cheisteanna a bhaineann le bainistíocht scoile ní mór don tuismitheoir teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an múinteoir ranga/príomhoide chun na ceisteanna seo a phlé.

- Is ambasadóir é/í an t-ionadaí ranga don Choiste agus bíonn sé/sí i dteagmháil leis na tuismitheoirí ina rang le heolas faoi ghníomhaíochtaí agus ócáidí an Choiste.
- Cabhraíonn an t-ionadaí ranga leis an gCoiste na gníomhaíochtaí agus na hócáidí ar fad a eagrú.
- Tugann an t-ionadaí ranga spreagadh do thuismitheoirí na ranga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus in ócáidí an Choiste nuair atá oibrithe deonacha ag teastáil.
- Is féidir le caomhnóirí/tuismitheoirí a smaointí maidir le hócáidí tiomsaithe airgid nó ócáidí sóisialta a chur ar aghaidh chuig an gCoiste.
- Chun an obair a roinnt agus tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil, ba cheart go mbeadh ar a laghad, beirt ionadaithe ranga ag gach rang – go hidéalach, tuismitheoir a bhfuil iníon acu sa rang agus tuismitheoir a bhfuil buachaill acu sa rang.
- Ní mór don ionadaí ranga a bheith díograiseach agus in ann teagmháil éifeachtach a dhéanamh le daoine eile.
- Tá seans ann go gcuirfear ceist ar an Ionadaí ranga freastal ar chruinnithe leis an gCoiste agus le hionadaithe ranga eile ó am go ham le plé/le pleanáil a dhéanamh ar ócáidí an Choiste a eagrú.

Liostaí Ranga agus Sonraí Teagmhála:

- Beidh fáil ag Ionadaithe ranga ar na sonraí teagmhála a bhaineann leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ina rang féin amháin.

NÓTAÍ MAIDIR LE PRÍOBHÁIDEACHAS:

- Ní mór na sonraí atá sna liostaí ranga seo (seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha fón póca) a choinneáil slán agus úsáid a bhaint astu le teagmháil éifeachtach a dhéanamh idir an Coiste agus na tuismitheoirí amháin. Níl cead úsáid a bhaint as na liostaí seo ar chúis ar bith eile.
- Tá lánmhuinín againn as na hIonadaithe Ranga, go léireoidh siad meas ar phríobháideachas na dteaghlach anseo i nGaelscoil Chaobh na Coille.

GAEILGE – Thar aon rud eile, is Gaelscoil muid agus mar sin, cinntigh le do thoil go mbaintear úsáid as an nGaeilge i ngach cumarsáid. Beidh an Coiste ar fáil le cabhrú le haistriúcháin má theastaíonn.

Tabhair do d'aire:

- Ní fheidhmíonn an t-ionadaí ranga go neamhspleách ón gCoiste.
- Ní eagraíonn na hionadaithe ranga aon ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid ar son na scoile.
- Ní eagraíonn na hionadaithe ranga gníomhaíochtaí nó ócáidí sóisialta ar bith gan dul i gcomhairle leis an gCoiste le cead a fháil.
- Meabhraítear d'ionadaithe ranga gurb é an ról atá acu ná cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le gníomhaíochtaí an Choiste agus gur cheart aon cheisteanna a bhaineann le hábhair eile a ardú le foireann na scoile/príomhoide na scoile.



Job Description

Class Representative

Cumann na dTuismitheoirí



A class representative serves a primary role in maintaining good communication between Coiste na dTuismitheoirí and parents/guardians.

If a parent has a concern regarding their child or school management issues they must contact the class teacher/principal directly to discuss these matters.

- A class rep is an “ambassador” for the Coiste and liaises with the parents in their class by keeping them informed of all Coiste activities and events.
- A class rep helps in the organisation of Coiste activities and events
- A class rep actively engages their class’s parents in volunteering when help is needed for Coiste activities and events.
- A class rep is a channel through which parents/guardians can forward their ideas for fundraising and social events to the Coiste.
- In order to share the load and offer effective support there should be a minimum of 2 class rep’s per class - ideally one parent with a daughter in the class and the other with a son.
- A class rep needs to be enthusiastic and able to liaise with others effectively.
- The Class rep may be asked from time to time to attend meetings with the Coiste and other class reps in order to discuss/plan the organisation of Coiste events.

Class Lists and Contact Details:

- Class reps will have access to contact details for the parents/guardians of children in their class only.

PRIVACY NOTE:

- The content in these class lists (email addresses & mobile numbers) are to be kept secure and used specifically to facilitate effective Coiste/ Parent communication. These lists are not be used for any other purpose.
- We trust that each Class Rep will respect the privacy of all of our families here at Gaelscoil Thaobh Na Coille.

GAEILGE – first and foremost we are a Gaelscoil, please ensure that Gaeilge is used in all communications. The Coiste are on hand to help with translations if required.

Please note:

- A class rep does not act independently of the Coiste
- Class reps do not organise any fundraising activities on behalf of the school.
- Class reps do not organise any activities or social events without consulting the Coiste to gain permission to do so.
- Class reps are reminded that their role is to communicate with parents/guardians regarding Coiste activities only and all other concerns are a matter to be raised with the school staff/principal